CARLO COLLODI

*EACHTRA*

# PHINOCCHIO

.i.

*Le avventure di Pinocchio*

ROBERTO INNOCENTI

a mhaisigh le pictiúirí



PÁDRAIG Ó BUACHALLA

a chuir i nGaelainn

*Seán Ua Súilleabháin*
*agus*
*Dáibhí Ó Cróinín*
*a chóraigh an t-eagrán so*

## CAIBIDIL 2

*Bronnann Silín Ceárdaí an smután adhmaid ar a chara Geppetto, agus tógann Geppetto leis é chun babliac a dhéanamh do féin, babliac d'fhéadfadh rínce, cleasaíocht, gleacaíocht agus cleas an chuaille a dhéanamh ar áilleacht an domhain.*

Bhena linn sin do buaileadh ag an ndoras. "Dein ar t'aghaidh!" arsan saor adhmaid is gan ann éirí den úrlár.

Ar an neomat san do tháinig duine beag foirithe anamúil isteach sa cheártain. Geppetto ab ainm do. Leite Bhuí a thugadh garsúin aimhleasta sa chomharsanacht mar leasainm air, nuair a oireadh dóibh é 'chrá agus a chiapadh. B'é an chúis go dtugaidís air é, mar gheall ar an bpeiribhic a bhí air a bheith ar dath na mine buí.

Fear teasaí laisceanta ab ea Geppetto. Mo thruasa an té 'thabharfadh Leite Bhuí air! Nuair a tugtaí an ainm sin air is beag ná go n-imíodh sé le craobhacha.

"Dia is Muire dhuit, a Antonio," arsa Geppetto. "Cad tá agat á dhéanamh ansan ar an úrlár?"

"Táim ag múineadh do na seangáin conas áireamh a dhéanamh," arsa Antonio.

"Go dtéidh san chun sochair duit!" arsa Geppetto.

"Cad a thug anso chúm tu, a Geppetto, a chomhaltha?" arsa Antonio.

"Mo chosa," arsa Geppetto. "Agus ar mhaith leat a fhios a bheith agat, a Antonio, go bhfuilim tagaithe chun achainí bheag d'iarraidh ort?"

"Táim ullamh chun pé rud is toil leat a dhéanamh duit," arsan saor adhmaid, ag éirí aniar ar a chabhail.

"Do phreab smaoineamh isteach im aigne ar maidin inniu," arsa Geppetto.

"Scaoil chúinn é," arsa Antonio.

"Táim ag cuimhneamh," arsa Geppetto, "ar bhabliac a chumadh dhom fhéin, agus babliac thar babliacaibh a bheidh ann. Beidh a fhios aige conas rínce, gleacaíocht agus cleas an chuaille a dhéanamh; agus ba mhaith liom an domhan mór a shiúl leis an áiltheoir seo, i dtreo is go bhféadfainn blúire beag aráin agus braon fíona a sholáthar dom féin. Cad é do thuairim as mar ghnó?"

"Mhuise, Dia leat, a Leite Bhuí!" arsan glór beag caol arís, is nárbh fhios cad as go raibh sé ag teacht.

Nuair a airigh Geppetto Leite Bhuí á ghlaoch air, do las sé le feirg agus le fíoch, go raibh sé chomh dearg le cocán róis. D'iompaigh sé ar an saor adhmaid go míchéatach, is d'fhiafraigh sé dhe go tufanta athúltha cad 'na thaobh do 'bheith ag tabhairt asachán do.

"Cé tá ag tabhairt asachán duit?" arsa Antonio.

"Do thugais Leite Bhuí orm," arsa Geppetto.

"Ní mise thug ort é."

"Is róbheag ná go ndéarfair gur me féin a thug orm féin é," arsa Geppetto. "Ach deirimse gur tusa thug orm é."

"Ní me," arsa Antonio.